Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2014

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# NASCMHODÚIL

## LEIBHÉAL COMÓNTA

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

# Scrúdú na Nascmhodúl

# 2014

# Scéim Réiteach agus Mharcála

# An Scrúdú Scríofa

**Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160**

**Gradam 128 marc**
**Fiúntas 104 marc**
**Pas 80 marc**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Cuid 1**

| **C.1** | Cén comórtas ar chuir Aoife agus na daltaí eile atá in aon rang léi isteach air? | **2 mharc** |
|---|---|---|

Duaiseanna Fiontraíochta Sóisialta do Mhic Léinn

2m

| **C.2** | Mínigh cén fáth ar shocraigh rang Aoife ar labhairt leis na daltaí a chuir isteach ar an gcomórtas anuraidh. **2 mharc** |
|---|---|

1. D'éirigh go han-mhaith leo sa chomórtas agus chríochnaigh siad sa 4ú háit.
2. Thug siad an-spreagadh chun cur isteach ar an gcomórtas.
3. Chun comhairle a fháil.

2 @ 1m

| **C.3** | Déan cur síos ar conas a d'ullmhaigh Aoife don chur i láthair. | **2 mharc** |
|---|---|---|

1. Níor stop sí den chleachtadh le trí seachtaine anuas.
2. Bhain sí leas as an eolas atá aici ar an óráidíocht phoiblí mar go bhfuil roinnt duaiseanna buaite aici.
3. Labhair sí le rang na bliana seo caite.
4. Ullmhaíodh a cur i láthair ar a iPad.

2 @ 1m

**Cuid 2**

| **C.4** | Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag an rang tionscadal chomh costasach sin a chur i gcrích go sásúil. **4 mharc** |
|---|---|

1. Tá conraitheoir áitiúil aimsithe acu a oibreoidh saor in aisce má chuireann siad na hamhábhair ar fáil.
2. Tá sé ar intinn acu preabshiopa carthanachta a bhunú ar a dtabharfar 'Athlámh Chúnta' chun an €2,000 a theastaíonn a thiomsú.
3. Déanfaidh siad iarracht earraí athláimhe a dhéanamh níos tarraingtí do dhéagóirí.
4. Cuirfidh bainisteoir an ionaid siopadóireachta áitiúil aonad ar fáil ar chostas an leictreachais agus an árachais.
5. Déanfaidh triúr tuismitheoirí a bhfuil veaineanna acu na hearraí a bhailiú/costais a laghdú.

4 @ 1m

| **C.5** | Mínigh conas is féidir leis an rang a chinntiú go meallfaidh an siopa carthanachta atá acu déagóirí agus daoine óga. **4 mharc** |
|---|---|

1. Beidh orthu ainm mealltach tarraingteach a chur ar an siopa.
2. Féadfaidh siad earraí 'athláimhe' a thairiscint ar phraghsanna réasúnta.
3. Caithfidh siad a bheith cinnte go mbeidh aird ag déagóirí agus ag an aos óg ar a stoc, e.g. DVDanna, trealamh spóirt agus cluichí ríomhaireachta.
4. Ba chóir dóibh suíomh oiriúnach a roghnú don siopa, e.g. áit lárnach in aice le limistéir siopadóireachta.
5. D'fhéadfaidís taighde a dhéanamh lena fháil amach cad a mbeidh déagóirí agus daoine óga ag súil leis ón siopa.
6. Cuirfidh siad a siopa carthanachta chun cinn sna meáin shóisialta/sna nuachtáin/i bhfógráin/ ar phóstaeir.

4 @ 1m

**C.6** Déan cur síos ar **dhá** scil phleanála a léirigh Aoife agus na daltaí eile atá in aon rang léi. **4 mharc**

1. Rinne siad taighde trí chaint le daoine/trí shuirbhé a dhéanamh ar dhaoine ina scoil.
2. Bhuail siad le bainisteoir an ionaid siopadóireachta áitiúil agus rinne siad idirbheartaíocht leis chun spás san ionad siopadóireachta áitiúil a fháil.
3. Roinn siad an rang ina chúig fhoireann de thriúr/ualach oibre a roinnt/uainchlár glantóireachta.
4. Tá na huaireanta oscailte/uainchláir foirne beartaithe acu/tá sealanna clúdaithe acu/cur i láthair ipad.
5. Tá plean um rialú stoic acu/coinneoidh siad taifead ar gach rud a bhronnfar orthu.
6. Tá plean acu chun déileáil le stoc a bheidh fágtha/tabhairt do shiopaí carthanachta eile.
7. Tá pleananna acu i dtaobh na fógraíochta agus na margaíochta trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta, bileoga, póstaeir agus deis ghrianghraif le scoil na riachtanas speisialta.
8. Tá siad ag smaoineamh chun tosaigh agus ag teacht roimh nithe a d'fhéadfadh teacht aníos/tá sé socraithe acu go mbaileoidh tuismitheoirí earraí a bhronnfar orthu.

2 @ 2m
(0/2)

**Cuid 3**

**C.7** Conas a chuaigh cur i láthair Aoife i bhfeidhm ar na breithiúna? **6 mharc**

1. Mhol siad a scileanna cumarsáide agus a cumas maidir le smaoineamh as a seasamh.
2. Bhí siad tógtha le cumas na foirne gnó a reáchtáil agus iad féin a eagrú.
3. Bhraith siad gurbh éigean don rang níos mó taighde margaidh a dhéanamh ar phraghsáil agus ar iomaíocht.
4. Bhí an plean gnó fíormhaith agus ba dheacair a cur i láthair a shárú.

3 @ 2m
(0/2)

**C.8** Déan cur síos ar conas is cóir don rang meastóireacht a dhéanamh ar an tionscadal. **6 mharc**

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar aidhmeanna agus ar chuspóirí an tionscadail. Má thiomsaigh siad an t-airgead a bhí ag teastáil/má bhain siad an duais (comórtas) agus má bhí siad in ann airgead breise a thabhairt don scoil oideachais speisialta.
2. Ba chóir go mbeadh plé ranga acu ina mbeidh páirt ag gach duine chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht agus aiseolas a fháil.
3. Ba chóir dóibh suirbhé a dhéanamh/anailís LLDB/úsáid a bhaint as ceisteanna/chun aiseolas uathu siúd atá páirteach a athbhreithniú.
4. D'fhéadfaidís athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna gairme + forbairt bhailí (trácht a dhéanamh ar réimse gairme, i bhfianaise a róil san fhoireann agus/nó i bhfianaise taithí a fuarthas).
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar na scileanna a forbraíodh/obair foirne, cúrsaí airgeadais, margaíocht.
6. Iarraidh ar an múinteoir nó páirtithe ábhartha eile a dtuairim a thabhairt faoin ngníomhaíocht.

6 @ 1m

| **Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **30 marc** |
|---|---|---|

**C.1** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a dtiocfadh cuairteoirí go dtí an Chorr Bhán. **6 mharc**

1. Is suíomh iontach fánaíochta agus gníomhaíochta í, e.g. Glasbhealach Mór an Iarthair/Slí an Atlantaigh Fhiáin.
2. Chun galf a imirt toisc go bhfuil óstán agus ionad saoire gailf ann.
3. Ar chúiseanna staire, e.g. chun cuairt a thabhairt ar an tsean-Mhainistir.
4. Páirt a ghlacadh i dTóstal Éireann/Féile Samhraidh.
5. Cuairt a thabhairt ar ghaolta.

3 @ 2m
(1 + 1)

**C.2**
(i) Mínigh cén fáth ar bheartaigh coiste na féile suirbhé a dhéanamh ar chuairteoirí a tháinig chun an bhaile sa bhliain 2013.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh gnólachtaí áitiúla na Coirre Báine iad féin a chur chun cinn.
**12 marc**

(i)

1. Chun na fáthanna ar thug daoine cuairt ar an gCorr Bhán a fháil amach, úsáid a bhaint as an bhfaisnéis chun cinntí a dhéanamh/plean/gníomh a fhorbairt i ndiaidh an tsuirbhé.
2. Roinnt smaointe a fháil ar na háiseanna a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ó chuairteoirí sa todhchaí agus chun cuidiú le pleanáil fhéile na bliana seo/cuairteoirí nua a mhealladh chuig an áit chomh maith leis na daoine a bhí ann anuraidh a mhealladh ar ais.
3. Aiseolas a fháil ar sheirbhísí/féilte an cheantair faoi láthair/luach ar airgead.
4. Bearnaí sna seirbhísí atá ar fáil a aithint agus conas a d’fhéadfaí iad a chur chun feabhais.
5. An fhaisnéis a chur san áireamh ina bplean gnó tráth airgead á lorg.
6. A chinntiú go gcaitheann siad airgead ar an gcineál ceart fógraíochta/cur chun cinn.

4 @ 2m
(1 + 1)

(ii)

1. D’fhéadfaidís úsáid a bhaint as an suíomh Gréasáin nua chun faisnéis a thabhairt/chun a ngnó a fhógairt.
2. Sochar a bhaint as na meáin shóisialta ar nós Facebook, Twitter, an Idirlín, aipeanna guthán póca.
3. D’fhéadfaidís promóisin speisialta a eagrú, e.g. páistí faoi 5 bliana d’aois saor in aisce, rothair, modhanna iompair ar cíos saor in aisce. Táirgí nideoige a cheapadh chun leas a bhaint as deiseanna, i.e. lónta pacáilte do shiúlóirí.
4. D’fhéadfaidís seastáin a chur ar bun/cainteanna a thabhairt ag aontaí trádála/féilte/margaí lasmuigh.
5. Fógraí a chur i nuachtáin/bróisiúir thurasóireachta/fógráin/cláir fógraí/comharthaí/Glasbhealach Mór an Iarthair/Slí an Atlantaigh Fhiáin.
6. Urraíocht a dhéanamh ar fhoirne áitiúla/ar imeachtaí féile.
7. Leas a bhaint as an gcúnamh atá ar fáil ó Fháilte Éireann/iad féin a chur chun cinn ar shuíomhanna gaolmhara.
8. D’fhéadfadh gnólachtaí áitiúla comhoibriú lena chéile, e.g. gruagairí ag déanamh fógraíochta in ionaid Leaba is Bricfeasta.

2 @ 2m
(1 + 1)

| |
|---|
| **C.3**<br>(i) Mínigh conas is féidir le coiste féile na Coirre Báine a chinntiú go mbeidh éifeacht lena gcuid cruinnithe.<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar na modhanna a bhféadfadh baill de choiste féile na Coirre Báine leas a bhaint astu chun réiteach a fháil ar an gcoimhlint a d'éirigh eatarthu. **12 marc** |

(i)

1. Ba chóir cruinnithe a phleanáil go maith roimh ré, e.g. ba chóir dátaí a shocrú lena chinntiú go mbeidh cuid mhór ball i láthair/an t-ionad a ullmhú/fógra chruinniú sheoladh amach roimh ré.
2. Clár oibre a chur le chéile chun cuspóir an chruinnithe a shoiléiriú/cinnte a dhéanamh go leantar gach mír ar an gclár oibre.
3. Ba chóir don rúnaí miontuairiscí na gcruinnithe roimhe sin agus gníomhartha aontaithe a scaipeadh roimh ré, mar aon le haon cháipéisíocht riachtanach.
4. Baill a bheith ann a dhéanann ionadaíocht do na páirtithe leasmhara go léir.
5. Cathaoirleach maith a thoghadh a chinnteoidh go reáchtálfar an cruinniú i gceart.
6. Ba chóir gach cinneadh/vótáil a dhéanamh trí chomhaontú le baill an choiste.
7. Róil agus freagrachtaí gach ball foirne a leagan amach go soiléir agus cinnte a dhéanamh go dtiomnaítear obair do na baill.
8. Ba chóir go n-éistfeadh baill an choiste agus go léireoidís luach agus meas ar thuairimí agus smaointe gach duine.

4 @ 2 mharc
(1 + 1)

(ii)

1. Cruinnithe rialta a thionól chun plé a dhéanamh ar ábhar na coimhlinte. Breithniú ar dhá thaobh an scéil i ngach gné den choimhlint/bíodh vótáil.
2. Cathaoirleach/ceannaire láidir a cheapadh lena chinntiú go mbíonn meas maith agus idirphlé idir na baill.
3. Fráma ama a leagan síos chun cinntí a dhéanamh.
4. D'fhéadfaí fochoiste nó foirne beaga a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar na moltaí éagsúla. Thabharfaidís tuairisc don choiste iomlán ansin.
5. Éascaitheoir seachtrach/tríú páirtí a thabhairt isteach chun cabhrú leis na baill.
6. Aiseolas a iarraidh ón bpobal áitiúil ionas gur féidir an cinneadh is fearr a dhéanamh.
7. Oiliúint a chur ar fáil do bhaill an choiste/ceacht neartaithe foirne.

2 @ 2 mharc
(1 + 1)

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.1 Tá buneolas ar thaighde agus ar phleanáil le fáil san Fhiosrú Gairme**.

| (a) | Ainmnigh an ghairm atá fiosraithe agat mar chuid de Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. **1 mharc** |
|---|---|

Teideal na gairme a fiosraíodh — 1 mharc

| (b) | Mar chuid den fhiosrú gairme a rinne tú, chuir tú agallamh ar dhuine atá ag obair i réimse na gairme sin. Mínigh conas a d'ullmhaigh tú i gcomhair an agallaimh sin. **6 mharc** |
|---|---|

1. Rinneadh taighde ar an duine agus ar a g(h)airm.
2. Rinneadh teagmháil leis an duine ar dtús chun am, dáta agus láthair a shocrú.
3. Ullmhaíodh ceisteanna le cur ar an duine. Rinneadh cinnte go raibh na ceisteanna úsáideach agus an Fiosrú Gairme á scríobh.
4. Iarradh ar an múinteoir/múinteoir gairmthreorach comhairle a thabhairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar na ceisteanna roimh an agallamh.
5. Deimhníodh na socruithe, an t-am agus an dáta; eagraíodh cúrsaí iompair; ullmhaíodh seomra/trealamh/éadaí oiriúnacha.
6. Rinneadh cleachtadh ar chur na gceisteanna. Rinneadh bréagagallamh ar mhaithe le muinín a chothú.

3 @ 2m
(1 + 1)

| (c) | Luaigh **trí** thréith/scil atá ábhartha don ghairm sin. Mínigh na cúiseanna a bhfuil na tréithe/scileanna sin ábhartha don ghairm sin. **9 marc** |
|---|---|

1. Tréithe pearsanta
2. Scileanna ábhartha

Caithfidh siad a bheith ábhartha don ghairm.
3 @ 1m as an lua
3 @ 2m (1 + 1) as an míniú

| (d) | Déan measúnú ar na modhanna éagsúla a d'úsáid tú i d'Fhiosrú Gairme. **9 marc** |
|---|---|

1. Úsáid a bhaint as an Idirlíon agus as suíomhanna gréasáin/chun faisnéis faoi choláistí éagsúla, pointí riachtanais agus roghanna gairme a athbhreithniú/a mheas. Modh úsáideach é sin de bharr go bhfuil sé áisiúil/bealach tapa chun faisnéis atá uait a fháil.
2. Agallamh a dhéanamh ar dhuine a bhfuil baint aige/aici leis an ngairm. Is úsáideach é sin chun na scileanna agus na cáilíochtaí a theastaíonn a dhéanamh amach agus chun faisnéis a fháil faoi dhualgais laethúla na gairme.
3. Freastal ar laethanta oscailte sna coláistí. Is úsáideach é sin chun an difríocht idir na coláistí a dhéanamh amach. Labhairt le léachtóirí chun faisnéis a fháil faoi na cúrsaí.
4. Aontaí Gairme, e.g. Comhdháil *Higher Options*. Ligeann sé seo duit faisnéis phearsanta/éagsúil a fháil san aon áit amháin.
5. Cruinniú leis an Treoirchomhairleoir (múinteoir gairmthreorach) chun comhairle phearsanta/na roghanna atá ar fáil a fháil.
6. Úsáid a bhaint as an leabharlann áitiúil/réamheolaire coláiste + forbairt bhailí.
7. Taithí oibre/scáthfhoghlaim. Léargas pearsanta a fháil ar an ngairm.

3 @ 3m
(1 + 2(0/2))

**C.2 Is taithí luachmhar foghlama é do dhaltaí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta cuairt a thabhairt ar ghnólacht áitiúil**.

(a) Ainmnigh an gnólacht ar thug rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agatsa cuairt air. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál oibre a dhéanann an gnólacht sin. **2 mharc**

An gnólacht a ainmniú agus breac-chuntas a thabhairt ar an obair.

1m as an ainmniú
1m as an mbreac-chuntas

(b) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí atá ann do rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta as cuairt a thabhairt ar ghnólacht áitiúil. **6 mharc**

1. Foghlaim faoin ngnólacht agus faoi conas a théann sé chun tairbhe don cheantar áitiúil.
2. Tugann sé deis do na daltaí scileanna agallaimh/cumarsáide a chleachtadh/idirghníomhú le húinéirí gnólachta.
3. Tugann sé deis don rang obair foirne a chur i ngníomh.
4. Is féidir é a úsáid chun mír phunainne (fillteáin) a ullmhú, e.g. Tuairisc Achomair.
5. Féadfaidh siad foghlaim faoi na deiseanna fostaíochta/gairme sa cheantar áitiúil.
6. D'fhéadfaidís naisc a chothú leis an ngnólacht áitiúil agus deis a fháil taithí oibre a dhéanamh ann mar thoradh ar an gcuairt.
7. Foghlaim faoi shaol na hoibre/sláinte agus sábháilteacht.

3 @ 2m
(1 + 1)

(c) Ainmnigh **trí** ábhar Ardteistiméireachta, seachas na Nascmhodúil, a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu. Mínigh conas a chabhraigh **gach** ceann de na hábhair sin leat nuair a bhí an chuairt sin á heagrú agus á pleanáil agat. **9 marc**

Eolas ar leith a lua/scileanna a lua.

3 @ 1m as ainmniú na n-ábhar
3 @ 2m (1 + 1) as an míniú

(d) Déan cur síos ar na céimeanna is féidir le húinéir/bainisteoir gnólachta a thabhairt chun a chinntiú go n-éireoidh go maith le cuairt dhaltaí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. **8 marc**

1. A bheith soiléir maidir le haidhmeanna/riachtanais faisnéise rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Ceisteanna ar bith is mian leis na daltaí a chur a fháil amach roimh ré.
2. Líon na ndaltaí a dheimhniú ionas gur féidir leo freastal orthu. Cinnte a dhéanamh – nuair a bhíonn na grúpaí ag fáil turais ar an ngnólacht – go bhfuil siad ina ngrúpaí beag go leor le go mbeidh siad ábalta gach rud a fheiceáil agus a chloisteáil/deimhnigh an t-am/data an cuairte.
3. Paca faisnéise/cur i láthair a ullmhú.
4. Duine éigin a cheapadh chun bualadh leis an rang agus chun fáilte a chur rompu.
5. Trealamh cosanta pearsanta a chur ar fáil do gach duine más gá/treoir sláinte agus sábháilteachta.
6. Eispéiris éagsúla a chur ar fáil sa ghnólacht, e.g. cinnte a dhéanamh go mbeidh roinnt cainteoirí ann a dhéanfaidh cur síos ar ghnéithe éagsúla den ghnólacht.
7. Am cuí a thabhairt don turas agus do cheisteanna agus freagraí. Cinnte a dhéanamh go bhfuil an chuairt pleanáilte agus eagraithe go maith/socraithe roimh ré/athbhreithniú a dhéanamh ar mheastóireachtaí roimhe seo/oibrithe ar an eolas faoin chuairt na mac léinn.

4 @ 2m
(1 + 1)

**C.3 Is cuid de shaol oibre an lae inniu iad an Bhreisoiliúint, JobBridge agus Obair Foirne.**

(a) Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma 'Breisoiliúint'. **2 mharc**

Nuair a fhoghlaimíonn oibrithe scileanna nua/nuair a dhéanann siad na scileanna atá acu cheana féin a nuashonrú/nuair a ghlacann siad páirt in oiliúint bhreise chun a n-ábaltachtaí a fhorbairt. (1 + 1)

(b) Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhfuil se tábhachtach d'oibrí a bheith páirteach sa bhreisoiliúint. **6 marc**

1. A bheith in ann a bpost a dhéanamh níos fearr.
2. Scileanna breise a bheith acu san ionad oibre.
3. Deiseanna i leith ardú céime a chur chun feabhais.
4. Iad féin a dhéanamh níos tarraingtí d'fhostóirí.
5. Coinneáil ar an eolas faoin timpeallacht oibre nua-aimseartha/faoi theicneolaíocht nua atá ag athrú i gcónaí.
6. Féinsástacht/achtáil/coinneáil faoi dhúshlán/faoi inspreagadh, etc.
7. D'fhonn gairm a athrú.
8. Feabhas a chur ar a CV.
9. Ar mhaithe le cinntiú poist.
10. Ard pá

6 @ 1m

(c) 'Tugann JobBridge, an Scéim Náisiúnta Intéirneachta, deiseanna do dhaoine dífhostaithe taithí oibre a fháil.'
Mínigh na buntáistí a bhaineann le scéim 'JobBridge' do dhuine atá ar thóir oibre. **8 marc**

1. Faigheann siad taithí oibre i ngairm ábhartha/saol na hoibre/déanann siad rudaí de réir gnáthaimh.
2. B'fhéidir go bhfoghlaimeoidh siad scileanna nua/go bhforbróidh siad scileanna atá acu cheana féin/go bhfaighidh siad deiseanna oiliúna.
3. B'fhéidir go bhfaighidh siad post, teagmhálaithe as don todhchaí.
4. Feabhsaíonn sé do CV ionas go mbeidh seans níos fearr agat post a fháil i do rogha gairm.
5. Tá sé go maith le haghaidh d'fhéinmheasa toisc go mbaintear úsáid dhearfach as do chuid ama/gné shóisialta.
6. Faigheann tú íocaíocht bhreise as páirt a ghlacadh sa scéim.
7. D'fhéadfadh duine atá ar thóir oibre teistiméireacht a fháil a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh iarratas poist amach anseo.

4 @ 2m
(1 + 1)

(d) Déan cur síos ar na slite ar féidir le fostóir a chinntiú go bhfeidhmíonn an obair foirne go héifeachtach ina (h)eagraíocht féin. **9 marc**

1. A chinntiú go dtuigeann gach ball den fhoireann na tascanna/na spriocanna. A chinntiú go leagtar síos róil agus freagrachtaí uile na foirne go soiléir.
2. Na róil a athrú thart go rialta ionas go n-éiríonn na hoibrithe iloilte/dúshlán a chur rompu/gan iad a bheith dubh dóite/iad a dhéanamh solúbtha.
3. Spriocdhátaí réalaíocha a leagan síos do na tascanna sannta ionas go ndéanfar an obair laistigh den am cuí.
4. A chinntiú go mbíonn dóthain acmhainní/oiliúna ag an bhfoireann i gcomhair an taisc. Chun cur i gcrích an taisc a chumasú.
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar an obair go rialta. Cruinnithe rialta a thionól chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.
6. Raon tallann nó láidreachtaí a bheith ag an bhfoireann. Scileanna éagsúla/an leas is fearr a bhaint as inniúlachtaí nó ábaltachtaí/foghlaimíonn oibrithe óna chéile.
7. Cinnte a dhéanamh go n-éistear leis na smaointe agus na tuairimí go léir agus go bhfuil meas orthu. Ionas go mothaíonn gach duine go bhfuil siad mar chuid den fhoireann.
8. Ceann foirne láidir a cheapadh chun baill den fhoireann a inspreagadh agus a spreagadh. Dea-chumarsáid leis an bhfoireann.
9. Nósanna imeachta le haghaidh réiteach coimhlinte/easaontais a chur i bhfeidhm ionas gur féidir coimhlintí a réiteach go tapa/ceachtanna neartaithe foirne a eagrú lena chinntiú go seachnófar coimhlintí/go réiteofar go tapa iad.
10. Luach saothair/dreasachtaí/bónas a thabhairt don fhoireann is rathúla/is éifeachtaí. Chun iad a spreagadh le hobair go crua agus le buachan.

3 @ 3m
(1 + 2 (0/2))

**C.4 Ta sé beartaithe ag rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agatsa mionchuideachta a reáchtáil chun gabhdáin do photaí plandaí a dhéanamh**.

(a) Leag amach an clár oibre don chéad chruinniú a thionólfar chun an ghníomhaíocht sin a phleanáil. **6 mharc**

Ceannteideal 1m

1. Oifigigh a thoghadh* (Cathaoirleach/Stiúrthóir Bainistíochta/Rúnaí/Cisteoir)
2. Plean oibre a dhréachtú
3. Airgeadas
4. Cead ón bPríomhoide
5. Tascanna/róil a shannadh
6. Dáta/am an chéad chruinnithe eile
7. Aon ghnó eile

5 mhír @ 1m an ceann
* Mír éigeantach

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Cabhróidh Plean Gníomhaíochta lena chinntiú go n-éireoidh leis an ngníomhaíocht sin. Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le Plean Gníomhaíochta a bheith ann don ghníomhaíocht sin. | **4 mharc** |

1. Caithfidh tú spriocanna/cuspóirí a leagan síos agus is pleanáil mhaith é sin.
2. Dírítear ar an ngníomhaíocht de thairbhe taighde agus anailís a dhéanamh.
3. Leagtar sceideal ama agus spriocdhátaí amach ann, e.g. céimeanna gníomhaíochta.
4. Cabhraíonn sé le tiomnú na dtascanna a bheidh le déanamh/dualgais/freagrachtaí.
5. Ní mór duit na hacmhainní a theastaíonn a phleanáil.
6. Tugtar tuairim shoiléir i ndáil le costáil agus an t-airgeadas a theastaíonn chun an tasc a chomhlíonadh.
7. Cuideoidh sé leat cinneadh a dhéanamh ar cé acu is fiú nó nach fiú an ghníomhaíocht a dhéanamh.
8. Beidh a thaispeáint modhanna/bhealaí chun gníomhaíocht a mheasnú.

4 @ 1m

| | | |
|---|---|---|
| (c) | Sainaithin na hacmhainní a bhfuil gá leo chun an ghníomhaíocht sin a reáchtáil agus tabhair breac-chuntas ar an bhfáth go bhfuil gá le **gach** ceann de na hacmhainní sin. | **6 mharc** |

1. Daoine
   Baill foirne oilte chun na gabhdáin do photaí plandaí a dhearadh, a ghearradh amach agus a dhéanamh. Daoine eile le margaíocht agus díolachán a dhéanamh.
   Múinteoirí
   Tuismitheoirí
   An pobal i gcoitinne

2. Amhábhair/Áiseanna
   Adhmad, gliú, tairní, uirlisí, teimpléad de ghabhdán do photaí plandaí. Tá siad sin ag teastáil chun na gabhdáin do photaí plandaí a dhéanamh.
   Uirlisí agus trealamh
   Sainseomraí

3. Airgeadas
   Tá airgead de dhíth ort chun d'amhábhair a cheannach agus chun tús a chur le d'fheachtas fógraíochta

4. Idirlíon agus TFC
   Taighde margaidh chun an praghas etc. a oibriú amach.
   Fógráin, póstaeir, coimeád cuntas, comhfhreagras

3 @ 2m
1m as acmhainn a shainaithint
1m as an míniú

| | | |
|---|---|---|
| (d) | Mínigh an téarma 'aiseolas'. Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht fiontraíochta, mínigh an cineál aiseolais a bhféadfá a bheith ag súil lena fháil. | **9 marc** |

Is ionann aiseolas agus faisnéis nó comhairle/a thugtar tar éis tasc nó gníomhaíocht a chríochnú/ar cad is féidir a dhéanamh chun feidhmíocht sa todhchaí a fheabhsú/agus is féidir leis a bheith dearfach nó diúltach.

3 @ 1m

Cineálacha Aiseolais.

1. D'fhéadfadh múinteoir/moltóir/duine gnó a dtuairim a thabhairt faoi conas mar a d'éirigh leis an ngníomhaíocht/obair foirne.
2. Airgeadas – léireoidh an méid brabúis cé chomh maith is ar éirigh leis an ngníomhaíocht.
3. Aiseolas ó na baill a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht – cuirfidh sé sin a sástacht in iúl.
4. Sástacht na gcustaiméirí – léireoidh cáilíocht an ghabhdáin do photaí plandaí agus an chainníocht a dhéanfar conas mar a d'éirigh leis an ngníomhaíocht.
5. Comhairle ghinearálta ó phríomhoide na scoile – eagraíocht/suaitheadh thart faoin scoil/ar cad ba cheart a athrú an chéad uair eile a bhíonn gníomhaíocht ar bun agat.
6. Ransú smaointe sa rang i gcomhair aiseolas aonair.

3 @ 2m
(1 + 1)

**C.5 Déanann grúpaí/eagraíochtaí deonacha obair thábhachtach i bpobail áitiúla**.

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Ainmnigh grúpa/eagraíocht dheonach atá ag feidhmiú i do cheantar féin. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál oibre a dhéanann an grúpa/eagraíocht dheonach sin. | **3 mharc** |

Ainm an ghrúpa — 1m
Breac-chuntas ar an gcineál oibre — 2m (0/2)

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Tá duine óg ag iarraidh páirt a ghlacadh in obair dheonach. Tabhair breac-chuntas ar na tosca is gá a chur san áireamh agus eagraíocht dheonach á roghnú aige/aici. | **4 mharc** |

1. A fháil amach cad a dhéanann an eagraíocht. An rud é sin a bhfuil suim acu ann?
2. Am: Cén tiomantas atá ag teastáil agus an féidir leat freastal air?
3. Scileanna: An bhfuil na scileanna riachtanacha agat leis na tascanna is gá a dhéanamh?
4. Praiticiúlachtaí: An gcuirfidh an eagraíocht gléas iompair/éadaí ar fail/an bhfuil an láthair áisiúil, gar don bhaile?
5. An ghné shóisialta: An gcasfaidh tú ar dhaoine eile agus forbairt a chur ar do scileanna idirphearsanta dá bharr?
6. An bhfuil seiceáil an Gharda Síochána de dhíth chun a bheith ag obair leis an eagraíocht/ceanglas aoise?
7. An féidir an obair dheonach a úsáid mar theistiméireacht i gcomhair CV?

4 @ 1m

| | | |
|---|---|---|
| (c) | (i) | Ba chóir do ghrúpaí/eagraíochtaí deonacha anailís LLDB (SWOT i mBéarla) a dhéanamh. Mínigh cén fáth a mbaineann grúpaí/eagraíochtaí deonacha tairbhe as anailís LLDB. |
| | (ii) | Déan anailís LLDB don ghrúpa/eagraíocht dheonach a luaigh tú i gcuid (a). |
| | | **10 marc** |

(i) Leagtar béim in anailís LLDB ar na láidreachtaí, na laigí, na deiseanna agus na bagairtí atá os coinne eagraíocht dheonach/ciallaíonn sé sin gur féidir feidhm a bhaint as na láidreachtaí/deiseanna/féadfaidh siad céimeanna/gníomh éigin a ghlacadh chun na laigí agus na bagairtí a shárú.

2 @ 1m

(ii) Anailís LLDB **Ráiteas ábhartha do gach ceann acu**.

Láidreachtaí:
Oibrithe deonacha
Cáil
Seirbhís mhaith
Láthair

Laigí:
Easpa airgeadais
Ganntanas oibrithe deonacha/próifíl aoise na n-oibrithe deonacha
Foirgnimh/trealamh as dáta

Deiseanna:
Féadtar scéimeanna intéirneachta a úsáid chun daoine atá dífhostaithe a mhealladh
Seirbhísí breise a chur ar fáil
Siopa carthanachta a bhunú
Na meáin shóisialta

Bagairtí:
Drochphoiblíocht (conspóid maidir le tuarastail agus íocaíochtaí le déanaí)
Cúlú eacnamaíochta
Inimirce/gan aon oibrithe deonacha

Níl aon mharcanna ar fáil as ceannteidil
Ní féidir pointí a thabhairt an athuair

4 @ 2m
(1 + 1)

| | | |
|---|---|---|
| (d) | (i) | Déan cur síos ar **dhá** shlí ar féidir le gnólacht áitiúil tacú le grúpa/eagraíocht dheonach ina phobal féin. |
| | (ii) | Déan anailís ar na cúiseanna a mbeadh gnólacht tacú le grúpa/eagraíocht dheonach áitiúil. **8 marc** |

(i)
1. Maoiniú/urraíocht a thabhairt dóibh/earraí a bhronnadh orthu chun cur ar a gcumas seirbhís a thairiscint.
2. Cead a thabhairt dóibh áiseanna/trealamh a úsáid. Chun costais a laghdú.
3. A fhoireann féin a spreagadh obair dheonach a dhéanamh don ghrúpa. Saineolas a sholáthar/Freagracht Shóisialta Chorparáideach a fheabhsú.
4. Thiocfadh leis comhairle a thabhairt maidir le bainistíocht/airgeadas/margaíocht. Chun easpa scileanna a bhreisiú.

2 @ 2m
(1 + 1)

(ii)
1. Dea-chaidreamh poiblí é dá ghnó féin. Cuireann sé íomhá/díolacháin chun feabhais.
2. Ábhar áthais dó cuidiú leis an bpobal. Spreagann sé freagracht shóisialta/braitheann sé go bhfuil meas air/an comhar a íoc leis an tsochaí.
3. D’fhéadfadh buntáistí cánach a bheith ann. Is féidir tabhartais do charthanacht a dhíscríobh in aghaidh costais chánach.
4. Taithí phearsanta – mar gheall ar theagmháil phearsanta/duine muinteartha/ball foirne leis an eagraíocht dheonach.
5. Chun go bhféidfaidh an an eagraíocht dheonach a chur boscaí sintiús/bileoga/póstaeir/pointí bailiúcháin ar áitreabh gno.

2 @ 2m
(1 + 1)

## C.6 Fiontraíocht

| | |
|---|---|
| (a) | Luaigh agus mínigh **cheithre** thréith phearsanta a bhíonn ag fiontraí. **4 mharc** |

Dícheallach
Nuálach/cruthaitheach
Glacadóir rioscaí
Cumarsáidí
Inoiriúnaithe
Solúbtha
Féinmhuiníneach

4 @ 1m an ceann
Ní mór gach ceann a mhíniú chun an marc a fháil

| | |
|---|---|
| (b) | Déan plé ar **thrí** shlí a ndéanann fiontraithe tairbhe don tsochaí. **6 mharc** |

1 Cruthaíonn siad táirgí nua nó táirgí níos fearr – cuireann siad éagsúlacht na n-earraí agus na seirbhísí chun feabhais.
2 Cruthaíonn siad poist agus fostaíocht – cuireann siad ioncam ar fáil.
3 Tugann siad rathúnas – toisc go meallfaidh siad gnólachtaí eile.
4 Feabhsaíonn siad an caighdeán maireachtála – toisc go n-íocann siad pá/seachthionscail.
5 Soláthraíonn siad seirbhísí sa phobal áitiúil – seans nach mbeadh na seirbhísí sin ar fáil murach sin.
6 Gineann siad ioncam cánach méadaithe don rialtas – ionas go dtig leo seirbhísí a chur ar fáil.
7 Cruthaíonn siad spiorad na fiontraíochta sa cheantar – spreagann siad daoine eile a ngnólacht féin a bhunú.
8 Cruthaíonn siad iomaíocht shláintiúil – íslíonn sé sin na praghsanna don tomhaltóir.

3 @ 2m
(1 + 1)

(c) Déan cur síos ar **thrí** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag fiontraí nuair a bhíonn gnólacht á thosú aige/aici den chéad uair. **9 marc**

1. Airgeadas: – Teacht ar chaipiteal don ghnólacht nuathionscanta agus sreabhadh airgid go dtí go léirítear go bhfuil brabús á dhéanamh.
2. Láthair: – An suíomh is fearr a fháil le bheith i mbun feidhme/bonneagar maith/gar do mhargaí.
3. Soláthar foirne: – An fhoireann cheart a aimsiú, i.e. iad siúd a bhfuil na scileanna cearta agus an eitic cheart oibre acu.
4. Margaíocht: – Is dúshlán iad na hiomaitheoirí toisc go gcaithfidh na custaiméirí a bheith go hiomlán cinnte faoi tháirge nua.
5. Cúrsaí dlí: – Maidir le bunú cuideachta/pleanáil/sláinte agus sábháilteacht/úinéireacht.
6. Táirge/Seirbhís: – É a dhéanamh i gceart/seirbhís nó táirge ardchaighdeáin/díolacháin a spreagadh/sástacht na gcustaiméirí.
7. Tacar scileanna: – Seans nach mbeidh na scileanna bainistíochta gnó uile a theastaíonn aige nó aici/ní mór scileanna a fhorbairt.
8. Dóthain ama: – mar gheall ar phost nó gealtanais ata ann cheana.

3 @ 1m (Ceannteideal)
3 @ (1 + 1) forbairt

(d) Mínigh an difríocht idir ról an fhiontraí agus ról an bhainisteora i ngnólacht. **6 mharc**

| **Fiontraí** | **Bainisteoir** |
|---|---|
| Tagann sé nó sí suas le smaoineamh/bunaíonn sé nó sí an gnólacht | Cuireann sé nó sí smaoineamh an fhiontraí i bhfeidhm/Stiúrann sé nó sí an gnólacht gach lá |
| Is leis/léi an gnólacht | Fostaí de chuid an ghnólachta é nó í |
| Glacann sé nó sí riosca | Bainistíonn sé nó sí an riosca/ní ghlacann sé nó sí aon riosca pearsanta/airgeadaíochta |
| D'fhéadfadh sé nó sí brabús nó caillteanas mór a dhéanamh | Tuilleann sé nó sí tuarastal seasta |
| Seans nach bhfuil scileanna ar leith aige nó aici | Is gnách go mbíonn scil nó cáilíocht bhainistíochta aige nó aici |
| Pleanáil fhadtéarmach | Cuireann sé nó sí plean gearrthéarmach i bhfeidhm |
| | 3 @ 2m (1 + 1) |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán